Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**15230/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0414(NLE)**

**ECOFIN 1238**
**FIN 1263**
**UEM 340**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 30 Samhain 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 686 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ungáir a fhormheas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 686 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 686 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.11.2022
COM(2022) 686 final

2022/0414 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ungáir a fhormheas**

{SWD(2022) 686 final}

GA GA

2022/0414 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ungáir a fhormheas

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bhí tionchar suaiteach ag ráig COVID-19 ar gheilleagar na hUngáire. In 2019, ba ionann olltáirgeacht intíre per capita (OTI per capita) na hUngáire agus 48 % de mheán an Aontais. Tháinig laghdú 4,5 % ar fhíor-OTI na hUngáire in 2020 agus tháinig méadú 2,3 % air go carnach in 2020 agus 2021. I measc na ndúshlán seanbhunaithe a bhfuil tionchar acu ar fheidhmíocht eacnamaíoch mheántéarmach, tá fás táirgiúlachta, infhaighteacht lucht saothair oilte, infheistíocht i gcaipiteal daonna agus cáilíocht institiúideach.

(2) An 9 Iúil 2019, an 20 Iúil 2020 agus an 12 Iúil 2022, chuir an Chomhairle moltaí faoi bhráid na hUngáire i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Go hairithe, mhol an Chomhairle don Ungáir leanúint de bheith ag lánpháirtiú na ngrúpaí is leochailí i margadh an tsaothair, feabhas a chur ar leordhóthanacht an chúnaimh shóisialta agus na sochar dífhostaíochta, feabhas a chur ar thorthaí an oideachais agus rannpháirtíocht na ngrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste san oideachas príomhshrutha ar ardchailíocht a mhéadú. Mhol an Chomhairle freisin athléimneacht an chórais sláinte a mhéadú agus feabhas a chur ar an rochtain ar sheirbhísí coisctheacha agus cúraim phríomhúil ar ardchaighdeán. Thairis sin, mhol an Chomhairle don Ungáir an creat frithéillithe a threisiú, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar iarrachtaí ionchúisimh agus ar an rochtain ar fhaisnéis phoiblí, neamhspleáchas breithiúnach a neartú, rannpháirtíocht éifeachtach na gcomhpháirtithe sóisialta agus na bpáirtithe leasmhara sa phróiseas ceaptha beartas a áirithiú agus iomaíocht sa soláthar poiblí a fheabhsú. Moladh don Ungáir freisin leanúint den chóras cánach a shimpliú, agus san am céanna é a neartú i gcoinne riosca na pleanála ionsaithí cánach, chomh maith le feabhas a chur ar iomaíocht agus intuarthacht rialála in earnáil na seirbhísí, agus grinnscrúdú iomaíochta a chur i

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

bhfeidhm go córasach in idirbhearta gnó. Mhol an Chomhairle don Ungáir freisin a áirithiú go mbeadh aon bheart éigeandála comhréireach go docht agus nár cheart dóibh cur isteach ar ghníomhaíochtaí gnó. Thairis sin, mhol an Chomhairle don Ungáir bearta a chur chun feidhme chun tacaíocht leachtachta a áirithiú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide i gcomhthéacs na paindéime, chun tús áite a thabhairt do thionscadail infheistíochta phoiblí agus chun infheistíocht phríobháideach a chur chun cinn chun an téarnamh eacnamaíoch a chothú. Mhol an Chomhairle don Ungáir freisin feabhas a chur ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach chóras na bpinsean, agus leordhóthanacht á caomhnú san am céanna, go háirithe trí aghaidh a thabhairt ar neamhionannais ioncaim. Moladh don Ungáir infheistíocht a dhíriú ar an aistriú glas agus digiteach, go háirithe táirgeadh agus úsáid fuinnimh atá glan agus éifeachtúil, iompar inbhuanaithe agus bonneagar digiteach do scoileanna, agus athchóiriú agus infheistíocht a chur chun cinn maidir le bainistiú inbhuanaithe uisce agus dramhaíola agus ciorclaíocht an gheilleagair, digitiú gnólachtaí, scileanna glasa agus digiteacha, agus taighde agus nuálaíocht. Ar deireadh, moladh don Ungáir an spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí dhlús a chur le cur in úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh, go háirithe trí na nósanna imeachta ceadaithe a chuíchóiriú agus tríd an mbonneagar leictreachais a uasghrádú, allmhairí breoslaí iontaise a éagsúlú trí, inter alia, an t-idirnasc le rannpháirtíocht tíortha eile a neartú, agus an spleáchas ar bhreoslaí iontaise i bhfoirgnimh agus in iompar a laghdú trí dhlús a chur le hiarrachtaí maidir le bearta éifeachtúlachta fuinnimh do chách, go háirithe i dtithe cónaithe agus maidir le leictriú an iompair.

(3) Sna moltaí a cuireadh faoi bhráid na hUngáire an 20 Iúil 2020, bhí treoir bheartais níos sonraí chun paindéim COVID-19 a shárú. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na moltaí tírshonracha sin tráth a tíolacadh an plean téarnaimh agus athléimneachta ('RRP'), measann an Coimisiún gur cuireadh chun feidhme go hiomlán an moladh maidir leis na bearta is gá a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar phaindéim COVID-19, chun an geilleagar a chothú agus chun tacú leis an téarnaimh ina dhiaidh sin. Tá dul chun cinn suntasach déanta i ndáil leis an moladh maidir le tacaíocht leachtachta a chur ar fáil d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus maidir le hinfheistíocht phríobháideach a chur chun cinn.

(4) An 11 Bealtaine 2021, chuir an Ungáir a RRP náisiúnta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. Lean an aighneacht sin próiseas comhairliúcháin a rinneadh i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta, a raibh údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, eagraíochtaí don óige, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile páirteach ann. Rinne an Ungáir an leagan a tíolacadh i mí na Bealtaine 2021 a chomhlánú agus a nuashonrú, i gcomhréir le hAirteagal 19(1) de Rialachán (AE) 2021/241 agus cuireadh leagan comhdhlúite faoi bhráid an Choimisiúin an 3 Samhain 2022. Tá úinéireacht náisiúnta ar na RRPanna mar bhonn taca lena gcur chun feidhme rathúil agus lena dtionchar marthanach ar an leibhéal náisiúnta agus ar chreidiúnacht ar an leibhéal Eorpach. De bhun Airteagal 19 den Rialachán sin, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an RRP, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

(5) Ba cheart cuspóirí ginearálta na Saoráide um Théarnamh agus Athléimneacht a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/241 agus cuspóirí ginearálta Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh arna bunú le Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle[2] a shaothrú leis na RRPanna chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19. Ba cheart dóibh comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais a chur chun cinn trí rannchuidiú leis na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2021/241.

(6) Beidh cur chun feidhme RRPanna na mBallstát ina iarracht chomhordaithe lena ndéanfar infheistíochtaí agus athchóirithe ar fud an Aontais. Trí na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin a chur chun feidhme ar bhealach comhordaithe agus comhuaineach agus trí thionscadail trasteorann a chur chun feidhme, treiseoidh athchóirithe agus infheistíochtaí den sórt sin a chéile go frithpháirteach agus ginfidh siad iarmhairtí dearfacha ar fud an Aontais ina iomláine. Dá bhrí sin, tiocfaidh thart ar aon trian de thionchar na Saoráide ar fhás agus ar chruthú post na mBallstát as iarmhairtí ó Bhallstáit eile.

***Freagairt chothrom lena gcuirtear leis na sé cholún***

(7) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (a) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.1 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is é atá sa RRP, den chuid is mó (Rátáil A) freagairt chuimsitheach agus chothromaithe leormhaith ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta, rud a rannchuidíonn go hiomchuí le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán sin, agus na dúshláin shonracha atá os comhair an Bhallstáit lena mbaineann agus an leithdháileadh airgeadais don Bhallstát lena mbaineann á gcur san áireamh.

(8) Áirítear leis an RRP bearta a chuireann le gach ceann de na sé cholún, agus roinnt comhchodanna ina dtugtar aghaidh ar cholúin éagsúla ag an am céanna. Áirítear leis an RRP raon leathan beart, agus dírítear go háirithe ar an aistriú glas, ar an gclaochlú digiteach, ar an athléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach a fhorbairt, agus ar bheartais don chéad ghlúin eile. Áirítear leis an RRP freisin bearta chun tacú le fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach, agus le comhtháthú sóisialta agus críochach, i gcomhréir le Straitéis Thionsclaíoch na hEorpa.

(9) Cuireann an RRP go mór leis an aistriú glas agus leis an gclaochlú digiteach. Tacaítear leis an aistriú glas go háirithe trí athchóirithe agus infheistíochtaí i réimse an iompair inbhuanaithe, an fhuinnimh, an bhainistithe uisce agus an gheilleagair chiorclaigh. Áirítear ar na príomhbhearta infheistíochtaí in iompar poiblí astaíochtaí nialasacha, forbairtí ar na heangaí fuinnimh agus giniúint fuinnimh in-athnuaite. Tá bearta i roinnt comhchodanna atá dírithe ar éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh phoiblí agus i bhfoirgnimh chónaithe a fheabhsú. Tacaítear leis an gclaochlú digiteach go háirithe trí bhearta chun digitiú an oideachais agus an riaracháin phoiblí a chur chun cinn, chomh maith le digitiú na n-earnálacha sláinte, fuinnimh agus iompair, agus forbairt scileanna digiteacha.

(10) Tá sé d’aidhm ag líon suntasach athchóirithe agus infheistíochtaí sa RRP feabhas a chur ar chúram sláinte agus ar athléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus

---

[2] Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 23).

institiúideach. Tá coinne leis go bhfeabhsóidh bearta san earnáil cúraim sláinte éifeachtúlacht agus rochtain ar chúram do chách. Áirítear ar na bearta freisin feabhsuithe ar dhálaí tithíochta le haghaidh daoine a bhfuil cónaí orthu sna lonnaíochtaí is boichte. Tá coinne leis go gcuirfidh príomh-athchóirithe institiúideacha feabhas ar athléimneacht an gheilleagair tríd an gcomhrac i gcoinne an éillithe agus neamhspleáchas na mbreithiúna a neartú. Is é is aidhm do na hathchóirithe atá beartaithe an córas cánachais a shimpliú agus é a neartú i gcoinne riosca na pleanála ionsaithí cánach, agus feabhas a chur ar ról na gcomhairliúchán poiblí agus na measúnuithe tionchair sa phróiseas reachtóireachta chun feabhas a chur ar cháilíocht agus intuarthacht rialála. Tá coinne leis go mbainfear amach fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach go háirithe trí bhearta éagsúla arb é is aidhm dóibh iomaíocht sa soláthar poiblí a mhéadú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí spriocdhírithe chun rannpháirtíocht fiontar beag agus meánmhéide a éascú, agus taighde agus nuálaíocht a chur chun cinn.

(11) Tá coinne leis go gcuirfear comhtháthú sóisialta agus críochach chun cinn trí raon leathan beart sa RRP, go háirithe athchóirithe agus infheistíochtaí lena dtacaítear le lucht saothair cáilithe agus iomaíoch a fhorbairt, lena n-áirítear trí scileanna digiteacha agus scileanna gairme a fhorbairt, chomh maith le hathchóirithe chun inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí a fheabhsú. Ina theannta sin, tá sé d'aidhm ag roinnt beart aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shonracha na lonnaíochtaí is mó atá faoi mhíbhuntáiste, agus cuireann bearta i réimse an chúraim sláinte le seirbhísí cúraim phríomhúil níos cuimsithí agus le hinrochtaineacht cúraim ospidéil ar ardchaighdeán. Ar deireadh, tá cuid shuntasach den RRP tiomnaithe do bheartais don chéad ghlúin eile, go háirithe tríd an oideachas a dhigitiú, rochtain ar oideachas atá cuimsitheach agus ar ardcháilíocht a fheabhsú agus infhaighteacht oideachais agus cúraim luath-óige a mhéadú.

***Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile nó ar fho-thacar suntasach de na dúshláin a shainaithnítear sna moltaí tírshonracha***

(12) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go rannchuideoidh an RRP chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar gach dúshlán nó ar fho-thacar suntasach dúshlán (Rátáil A) arna sainaithint sna moltaí tírshonracha ábhartha, a dhírítear chuig an Ungáir, lena n-áirítear gnéithe fioscacha díobh nó dúshláin arna sainaithint i ndoiciméid ábhartha eile arna nglacadh go hoifigiúil ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(13) Áirítear leis an RRP sraith fhairsing d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus a rannchuidíonn le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta ar fad nó ar fhothacar suntasach de na dúshláin sin a leagtar amach sna moltaí tírshonracha a dhírigh an Chomhairle ar an Ungáir sa Seimeastar Eorpach in 2019, 2020 agus 2022, go háirithe maidir leis an aistriú glas agus digiteach, an t-oideachas, an margadh saothair, an beartas sóisialta, an cúram sláinte, an creat frithéillithe, an neamhspleáchas breithiúnach, an iomaíocht sa soláthar poiblí, cáilíocht agus trédhearcacht na cinnteoireachta, cánachas agus pleanáil ionsaitheach cánach, agus an córas pinsean.

(14) Tá roinnt beart ábhartha sa RRP chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an aistriú glas. Maidir le táirgeadh fuinnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh, áirítear sa phlean athchóirithe chun feabhas a chur ar nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh

táirgeadh fuinnimh in-athnuaite, chun nascadh na heangaí le gléasraí beaga cumhachta in-athnuaite a shimpliú, agus chun deireadh a chur le bacainní ar fhorbairt an fhuinnimh gaoithe. Maidir le hacmhainneacht iomlán an táirgthe fuinnimh in-athnuaite a údaraítear a nascadh leis an eangach, gheall an Ungáir go méadófaí go 10 000 MW ar a laghad í faoi 2026. Áirítear sa RRP freisin infheistíochtaí arb é is aidhm dóibh cur in úsáid an táirgthe fuinnimh ghréine a mhéadú, mar aon leis an ngréasán leictreachais a fheabhsú chun comhtháthú slán an fhuinnimh a tháirgtear ó fhoinsí in-athnuaite a cheadú. Áirítear freisin leis an RRP roinnt infheistíochtaí d'athchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh i bhfoirgnimh phoiblí, go háirithe i réimsí an oideachais agus an chúraim sláinte, agus i bhfoirgnimh chónaithe. Maidir le hiompar inbhuanaithe, áirítear leis an RRP infheistíochtaí chun an gréasán iarnróid fo-uirbeach, an gréasán iarnróid ar chonairí TEN-T, iompar bus astaíochtaí nialasacha agus bainistiú tráchta lárnach ar iarnróid TEN-T a fhorbairt. Thairis sin, tabharfaidh an Ungáir isteach córas aonair náisiúnta um tharaifí, ticéadú agus faisnéis do phaisinéirí le haghaidh iompar de bhus agus d'iarnród. Tá bearta sa RRP freisin arb é is aidhm dóibh athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun cinn maidir leis an ngeilleagar ciorclach agus bainistiú inbhuanaithe dramhaíola, chomh maith le bainistiú inbhuanaithe uisce, lena n-áirítear trí choinneáil uisce dhúlrabhunaithe a chur chun cinn.

(15) Tá roinnt beart ábhartha sa RRP chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an aistriú digiteach. Áirítear leis an RRP bearta arb é is aidhm dóibh leabhair nótaí dhigiteacha agus oiliúint ábhartha a chur ar fáil do mhúinteoirí agus do dhaltaí san oideachas poiblí, gléasanna teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) a chur ar fáil do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna, lena n-áirítear scoileanna gairmoideachais agus gairmoiliúna, d'ollscoileanna agus d'institiúidí foghlama aosaí, agus chun digitiú na n-earnálacha cúraim sláinte agus iompair a mhéadú. Thairis sin, áirítear leis an RRP roinnt beart chun digitiú an riaracháin phoiblí a mhéadú, go háirithe trí ardáin tuairiscithe leictreonacha chun críoch cánachais, tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gcóras leictreonach soláthair agus feabhas a chur ar chóras bainistithe comhad na seirbhíse ionchúisimh.

(16) Áirítear leis an RRP roinnt beart chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin san oideachas. Tá athchóirithe sa phlean chun feabhas a chur ar tharraingteacht ghairm na múinteoireachta trí shásra lena n-áiritheofar go ndéanfar pá múinteoirí a chóineasú de réir a chéile go 80 % ar a laghad de mheánphá na gcéimithe treasacha, chun leithscaradh i scoileanna a laghdú agus chun rochtain ar oideachas scoile ar ardchaighdeán a áirithiú, go háirithe trí na gléasanna is gá chun páirt a ghlacadh in oideachas digiteach nua-aimseartha a chur ar fáil do dhaltaí agus do mhúinteoirí, agus trí scileanna digiteacha daltaí agus múinteoirí a fhorbairt. Tá infheistíochtaí sa RRP freisin arb é is aidhm dóibh deiseanna athoiliúna a chur ar fáil do mhúinteoirí agus oiliúint bhainistíochta shonrach a chur ar fáil do phríomhoidí agus do leasphríomhoidí scoileanna, chun tacú le scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chomhtháthú san oideachas príomhshrutha agus chun próiseas a sheoladh chun ranganna íochtaracha meánscoile i scoileanna beaga ísealfheidhmíochta a chomhtháthú i scoileanna níos mó, d'fhonn éifeachtúlacht agus cáilíocht an oideachais a fheabhsú. Thairis sin, tugtar aghaidh ar dhúshláin a bhaineann le taighde agus nuálaíocht trí shaotharlanna náisiúnta a bhunú chun an t-éiceachóras don eolaíocht agus don nuálaíocht a fheabhsú.

(17) Tugtar aghaidh ar an moladh tír-shonrach maidir leis na grúpaí is leochailí a chomhtháthú i margadh an tsaothair trí áiteanna breise i naíolanna a chruthú, trí

dheiseanna fostaíochta a chur chun cinn dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu sna lonnaíochtaí sin is mó atá faoi mhíbhuntáiste, agus trí infheistíochtaí i dtrealamh oideachais digiteach, in ábhar foghlama digiteach, i gcúrsaí oiliúna d'aosaigh, agus i dtimpeallacht foghlama nuachóirithe in institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna agus in ollscoileanna.

(18) Áirítear leis an RRP bearta éagsúla chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shonracha a bhaineann le beartais shóisialta trí thacaíocht chuimsitheach a chur ar fáil d'áitritheoirí an 300 lonnaíocht is mó atá faoi mhíbhuntáiste. Is é is aidhm do na bearta sin fostaíocht agus forbairt scileanna a chur chun cinn bunaithe ar shainiúlachtaí áitiúla, torthaí foghlama níos fearr a bhaint amach trí oideolaíocht atá dírithe ar an bpobal, tithe sóisialta a thógáil agus a athchóiriú, agus stáisiúin chumhachta gréine shóisialta a bhunú.

(19) Leagtar amach sa RRP sraith leathan d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin is criticiúla a bhaineann le seirbhísí cúraim. Áirítear leis sin, go háirithe, infheistíochtaí chun bonneagar agus trealamh ospidéil a uasghrádú, an líonra um chúram ospidéil a bharrfheabhsú, agus cúram príomhúil agus coisctheach a fhorbairt trí phobail cleachtóirí ginearálta a bhunú a chuirfidh seirbhísí cúraim sláinte comhtháite ar fáil. Comhlánaítear an méid sin le hinfheistíochtaí i gcúram sláinte digiteach, amhail cláir dhigitithe agus cianfhaireachán ar chúram daoine scothaosta. Tacaíonn beart eile le deireadh a chur le híocaíochtaí aisce sa chóras cúraim sláinte.

(20) Áirítear leis an RRP roinnt beart chun an creat frithéillithe a threisiú. Áirítear orthu sin Údarás Sláine a bhunú chun cosc, brath agus ceartú calaoise, coinbhleachta leasa agus éillithe a threisiú go héifeachtach chomh maith le neamhdhleathachtaí agus neamhrialtachtaí eile a bhaineann le tacaíocht ón Aontas san Ungáir a chur chun feidhme, agus béim ar leith á leagan ar sholáthar poiblí agus bailíocht dearbhuithe sócmhainní a áirithiú. De réir an RRP, ba cheart cumhachtaí forleathana a bheith ag an Údarás Sláine idirghabháil a dhéanamh i ngach cás nach ndearna na húdaráis náisiúnta inniúla, dar leis, na bearta is gá chun na nithe seo a leanas a chosc, a bhrath agus a cheartú: an chalaois, an choinbhleacht leasa, an t-éilliú agus neamhdhleathachtaí nó neamhrialtachtaí eile a dhéanann difear do bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais nó do chosaint leasanna airgeadais an Aontais. Ba cheart neamhspleáchas iomlán an Údaráis Sláine a ráthú, lena n-áirítear trí phróiseas roghnúcháin a fhoirne agus a lucht bainistíochta agus tríd an bpróiseas chun a bhuiséad a bhunú. Is éard atá i gceist le beart eile Tascfhórsa Frithéillithe a bhunú, le rannpháirtíocht shuntasach eagraíochtaí neamhrialtasacha neamhspleácha, chun scrúdú leanúnach a dhéanamh ar na bearta frithéillithe atá ann cheana agus tograí a tharraingt suas maidir le feabhas a chur ar bhrath, imscrúdú, agus ionchúiseamh an éillithe agus cleachtais eile amhail an finíochas, an fhabhraíocht nó 'doirse imrothlacha' idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach agus smachtbhannaí a fhorchur orthu. De réir an RRP, ba cheart uachtarán an Údaráis Sláine a bheith ina chathaoirleach ar an Tascfhórsa, ach ba cheart dó a chuid oibre a dhéanamh go neamhspleách ar an Údarás sin. Ina theannta sin, áirítear leis an RRP bearta chun tacú le comhar neartaithe leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), chun raon feidhme pearsanta agus ábhartha leathnaithe a chur i bhfeidhm maidir le dearbhuithe sócmhainní, agus chun an mhaoirseacht agus an trédhearcacht a threisiú maidir leis an gcaoi a mbaineann fondúireachtaí bainistíochta sócmhainní leasa phoiblí a dhéanann gníomhaíocht leasa phoiblí, agus daoine dlítheanacha atá bunaithe nó ar bun acu, úsáid as tacaíocht ón Aontas. Áirítear leis an

RRP freisin roinnt athchóirithe arb é is aidhm dóibh na socruithe reachtacha, institiúideacha agus praiticiúla a neartú chun calaois, éilliú, coinbhleacht leasa agus neamhdhleathachtaí eile maidir le húsáid na tacaíochta ón Aontas a chosc, a bhrath agus a cheartú ar bhealach níos éifeachtaí. Is éard atá i gceist leis an RRP freisin athchóiriú chun an creat frithéillithe a neartú tríd an deis a bhunú athbhreithniú breithiúnach éifeachtach a dhéanamh ar chinntí arna ndéanamh ag an tseirbhís ionchúisimh nó ag an údarás imscrúdaithe chun tuarascáil choire a dhíbhe nó deireadh a chur le himeachtaí coiriúla. Beartaítear freisin straitéis agus plean gníomhaíochta náisiúnta frithéillithe reatha na hUngáire a chur chun feidhme go hiomlán chomh maith le straitéis agus plean gníomhaíochta náisiúnta frithéillithe nua a ullmhú. Rannchuidíonn roinnt beart sa RRP le trédhearcacht agus rochtain ar shonraí poiblí a mhéadú, agus é mar aidhm leo freisin an creat frithéillithe a threisiú trí mhaoirseacht neamhspleách a éascú. Áirítear ar na bearta sin clár lárnach inchuardaithe maidir le húsáid cistí poiblí a bhunú agus a oibriú, na costais a bhaineann le hiarrataí ar fhaisnéis phoiblí a dhíothú nó a theorannú, nósanna imeachta cúirte maidir le cásanna a bhaineann le rochtain ar fhaisnéis phoiblí a ghiorrú, agus seiceálacha rialta a dhéanamh ar gach comhlacht poiblí chun a mheas an gcomhlíonann siad a gceanglais féin maidir le rochtain a sholáthar ar shonraí a bhaineann le leas an phobail.

(21) Tugtar aghaidh ar an moladh tír-shonrach maidir le neamhspleáchas breithiúnach a neartú le roinnt athchóirithe ar an RRP, lena bhfuiltear ag súil go neartófar neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na gcúirteanna agus na mbreithiúna arna mbunú le dlí i gcomhréir le hAirteagal 19 CAE agus le acquis ábhartha an Aontais, agus, ar an gcaoi sin, go n-ardófar caighdeán na cosanta breithiúnaí agus go bhfeabhsófar an timpeallacht infheistíochta san Ungáir. Áirítear sa phlean bearta chun ról agus cumhachtaí coibhneasta Chomhairle Bhreithiúnach na hUngáire a neartú i ndáil le cumhachtaí Uachtarán Oifig Bhreithiúnach na hUngáire. Trí rialú éifeachtach ag Comhairle Bhreithiúnach na hUngáire ar Uachtarán Oifig Bhreithiúnach na hUngáire a fheidhmiú, tá coinne leis go laghdófaí an fhéidearthacht cinntí treallacha a dhéanamh i riarachán lárnach na gcúirteanna, lena n-áirítear cinntí a bhaineann le ceapacháin bhreithiúnacha, agus, dá bhrí sin, neamhspleáchas na mbreithiúna a neartú. De réir an RRP, ba cheart é sin a bhaint amach go háirithe trí cheanglas a thabhairt isteach maidir le tuairim cheangailteach spreagtha ó Chomhairle Bhreithiúnach na hUngáire maidir le cinntí aonair, amhail oiriúnacht na n-iarrthóirí do phoist mar Uachtarán agus Leas-Uachtarán Oifig Bhreithiúnach na hUngáire, bunaithe ar chritéir oiriúnachta; nósanna imeachta ceapacháin le haghaidh poist feidhmiúcháin bhreithiúnacha agus chúirte a neamhniú; breithiúna a aistriú; agus breithiúna a bhaint den ghrúpa breithiúna a éisteann cásanna speisialta, lena n-áirítear cásanna riaracháin. Ba cheart do Chomhairle Bhreithiúnach na hUngáire tuairim cheangailteach spreagtha a thabhairt maidir le rialacháin amhail an córas pointí do phoist bhreithiúnacha, na coinníollacha maidir le bónais a bhronnadh, oiliúint a chur ar bhreithiúna, an t-ualach oibre náisiúnta, agus líon na bpost breithiúnach. Ar deireadh, ba cheart an deis a bheith ag breithiúna atá ina gcomhaltaí de Chomhairle Bhreithiúnach na hUngáire go ndéanfaí iad a atoghadh don chéad téarma oifige eile, agus ba cheart rochtain a bheith ag Comhairle Bhreithiúnach na hUngáire ar gach doiciméad, inniúlacht dhlíthiúil agus uathriail in eisíocaíocht a buiséid, agus an ceart chun an chúirt inniúil agus an Chúirt Bhunreachtúil a urghabháil chun a sainchumais a chosaint. Ba cheart rialacha neamhroghnacha a thabhairt isteach freisin maidir le huachtaráin cúirte ad interim a ainmniú agus maidir le athimeascadh breithiúna a thoirmeasc i gcás cúirte níos airde tar éis dóibh a bheith ar iasacht. Tá coinne leis go neartóidh athchóiriú eile

neamhspleáchas breithiúnach na Cúirte Uachtaraí (*Kúria*), go háirithe trí leasú a dhéanamh ar na rialacha maidir le huachtarán an *Kúria* a thoghadh, ar cheart taithí cúig bliana ar a laghad a bheith aige mar bhreitheamh, agus níor cheart an deis a bheith ann é a atoghadh. Ba cheart do Chomhairle Bhreithiúnach na hUngáire tuairim cheangailteach spreagtha a thabhairt maidir le hoiriúnacht na n-iarrthóirí d'Uachtarán agus do Leas-Uachtarán an *Kúria*. Leis an athchóiriú, ba cheart deireadh a chur freisin leis an bhféidearthacht comhaltaí de chuid na Cúirte Bunreachtúla a cheapadh ar an *Kúria* lasmuigh den ghnáthnós imeachta iarratais, an scéim leithdháilte cásanna a fheabhsú, cumhachtaí níos láidre a áirithiú do chomhairle bhreithiúnach an *Kúria*. Tá coinne leis, le tuilleadh athchóirithe, go gcuirfear deireadh le bacainní ar tharchur le haghaidh réamhrialuithe chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus go gcuirfear deireadh leis an bhféidearthacht, a tugadh isteach in 2019, go ndéanfadh údaráis phoiblí agóid os comhair na Cúirte Bunreachtúla maidir le cinntí críochnaitheacha breithiúnacha chun a áirithiú go nglacfaidh na cúirteanna neamhspleácha inniúla breithiúnais chríochnaitheacha.

(22) Áirítear roinnt beart sa RRP freisin chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le hiomaíocht sa soláthar poiblí, lena n-áirítear trí shláine na nósanna imeachta soláthair phoiblí a threisiú. Is éard atá i gceist le hathchóiriú uirlis faireacháin a fhorbairt agus a úsáid ar bhonn leanúnach lena ndéantar measúnú ar leibhéal agus ar chúis na nósanna imeachta soláthair phoiblí a mbíonn tairiscintí aonair mar thoradh orthu. Is é is aidhm d'athchóiriú eile creat tomhais feidhmíochta a fhorbairt chun measúnú rialta a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus ar chost-éifeachtacht na soláthairtí poiblí, agus ar na cúiseanna le hiomaíocht theoranta sna hearnálacha is mó dá ndéanann an leibhéal íseal iomaíochta difear. Ba cheart plean gníomhaíochta a tharraingt suas agus a chur chun feidhme, bunaithe ar dhea-chleachtais idirnáisiúnta, chun leibhéal na hiomaíochta sa soláthar poiblí a mhéadú. Ag cur leis na gníomhaíochtaí sin, áirítear leis an RRP gealltanas don Ungáir an sciar de sholáthairtí poiblí a bhfuil tairiscintí aonair mar thoradh orthu, i gcás nósanna imeachta a mhaoinítear go hiomlán nó go páirteach ó thacaíocht ón Aontas agus i gcás nósanna imeachta a mhaoinítear go hiomlán ó acmhainní náisiúnta, an sciar sin a laghdú go dtí faoi bhun 15 % agus é a choimeád faoina bhun. Chun tacú leis na hathchóirithe sin, áirítear leis an RRP deiseanna oiliúna agus scéim tacaíochta chun rannpháirtíocht micrifhiontar agus fiontar beag agus meánmhéide a éascú i nósanna imeachta soláthair phoiblí, agus bearta chun an córas leictreonach soláthair phoiblí a fhorbairt chun maoirseacht agus anailís neamhspleách ar iomaíocht sa soláthar poiblí a éascú.

(23) Áirítear leis an RRP athchóirithe chun cáilíocht agus trédhearcacht an phróisis cinnteoireachta a fheabhsú trí idirphlé sóisialta éifeachtach, trí rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara eile agus trí mheasúnuithe tionchair rialta. Is é is aidhm do bhearta gaolmhara a áirithiú go ndéantar comhairliúchán poiblí go córasach ar na ndréachtghníomhartha reachtacha arna n-ullmhú ag an Rialtas ar feadh tréimhse leordhóthanach ama, ach amháin má tá údar cuí ann gan amhlaidh a dhéanamh, agus go ndéantar measúnuithe tionchair a ullmhú go comhsheasmhach agus a chur ar fáil go poiblí le haghaidh na ndréachtghníomhartha reachtacha uile. Tá rannpháirtíocht fhollasach na gcomhpháirtithe sóisialta agus na bpáirtithe leasmhara sa chinnteoireacht ina réamhriachtanas freisin maidir le go leor beart sa RRP. Tá sé beartaithe freisin go mbeidh na páirtithe leasmhara rannpháirteach i gcur chun feidhme agus i bhformhaoirseacht an RRP féin trí choiste faireacháin a chur ar bun agus a oibriú, ar cheart do leath de na comhaltaí ar a laghad teacht ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá go hiomlán neamhspleách ar údaráis phoiblí.

(24) Cuimsíonn an RRP freisin bearta maidir le timpeallacht an ghnó, go háirithe maidir le feabhas a chur ar an gcóras cánach. Áirítear leis an RRP athchóirithe atá dírithe ar dhul i ngleic le pleanáil ionsaitheach cánach ar bhealach níos éifeachtaí, amhail an tuairisciú sonraí maidir le praghsáil aistrithe a mhéadú, íoscheanglais substainte a thabhairt isteach le haghaidh cáin ioncaim chorparáideach le haghaidh cuideachtaí caocha agus raon feidhme na rialacha neamh-inasbhainteachta a leathnú le haghaidh íocaíochtaí amach chuig dlínsí ísealchánach nó dlínsí cánach nialasacha. Maidir le simpliú cánach, áirítear sa phlean bearta chun líon na gcánacha a laghdú agus maidir le claochlú digiteach na nósanna imeachta maidir le comhlíonadh cánach.

(25) Áirítear leis an RRP treochlár athchóirithe a chuirfidh feabhas ar inbhuanaitheacht mheántéarmach agus fhadtéarmach chóras pinsin na hUngáire, agus leordhóthanacht theidlíochtaí na bpinsinéirí ar ioncam íseal á neartú ag an am céanna. Tá coinne leis freisin go rannchuideoidh an RRP le hinbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí trí athbhreithnithe caiteachais a chur chun feidhme.

(26) Is féidir a mheas go bhfuil na moltaí a bhaineann le freagairt láithreach an bheartais fhioscaigh don phaindéim lasmuigh de raon feidhme RRP na hUngáire, d'ainneoin gur thug an Ungáir freagra leormhaith agus leordhóthanach ar an ngá láithreach atá ann tacú leis an ngeilleagar trí mheáin fhioscacha in 2020, 2021 agus 2022, i gcomhréir le clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis.

***Cur leis an acmhainneacht fáis, le cruthú post agus le hathléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach***

(27) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar ard (Rátáil A) ag an RRP ar an acmhainneacht fáis, cruthú post agus athléimneacht eacnamaíoch shóisialta agus institiúideach na hUngáire a neartú, lena rannchuideofar le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear trí bheartais a chur chun cinn maidir le leanaí agus an óige, agus maidir le maolú a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta ghéarchéim COVID-19, lena bhfeabhsófar, dá bhrí sin, an comhtháthú agus an cóineasú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach laistigh den Aontas.

(28) Léirítear in ionsamhlúcháin a rinne seirbhísí an Choimisiúin go bhféadfadh an RRP, in éineacht leis an gcuid eile de bhearta Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh, OTI na hUngáire a mhéadú 1.0 % go 1.4 % faoi 2025, gan an tionchar dearfach a d'fhéadfadh a bheith ag athchóirithe struchtúracha a chur san áireamh, tionchar a d'fhéadfadh a bheith suntasach. Tá coinne leis go gcuirfidh an RRP fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach chun cinn, le rannchuidiú mór infheistíochtaí lena dtacaítear le haistriú rathúil glas agus digiteach, lena gcuirfear an nuálaíocht chun cinn, lena ndéanfar an riarachán poiblí agus na seirbhísí poiblí a dhigitiú, agus lena gcuirfear feabhas ar an iomaíocht i soláthairtí poiblí. Meastar go mbeidh éifeachtúlacht fuinnimh níos airde i bhfoirgnimh phoiblí agus sciar níos airde de tháirgeadh fuinnimh in-athnuaite mar thoradh ar na bearta sin. Meastar freisin go méadóidh siad scileanna digiteacha agus go bhfeabhsóidh siad torthaí sláinte.

(29) Sa mheántéarma agus san fhadtéarma, tá coinne leis go méadóidh an RRP soláthar oibrithe oilte trí athchóirithe agus infheistíochtaí san oideachas poiblí, sa ghairmoiliúint agus san ardoideachas. Tá coinne leis go gcuirfidh an RRP go háirithe le scileanna digiteacha, trí úsáid mhéadaitheach a bhaint as uirlisí digiteacha agus as réitigh dhigiteacha san oideachas agus sa chúram sláinte. Is féidir le hathchóirithe agus

infheistíochtaí i gcúram sláinte rannchuidiú go dearfach leis an soláthar saothair freisin. Tá coinne leis go gcuirfear borradh faoi acmhainneacht nuálach an gheilleagair trí infheistíochtaí lena gcothófar comhar idir gníomhaithe éagsúla taighde agus forbartha i roinnt réimsí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo. Maidir le bearta arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar an iomaíocht sa soláthar poiblí, an t-éilliú a chomhrac, neamhspleáchas na mbreithiúna a neartú, cáilíocht na reachtaíochta agus cáilíocht an chaiteachais phoiblí a fheabhsú, is féidir leo aschur féideartha a spreagadh freisin trí cháilíocht na hinfheistíochta a fheabhsú, go háirithe san earnáil phoiblí.

(30) Tá coinne leis go dtacóidh an RRP leis an aistriú glas agus go laghdóidh sé an spleáchas ar allmhairí breosla iontaise. Le hathchóirithe agus infheistíochtaí san fhuinneamh in-athnuaite, agus le hinfheistíochtaí san eangach leictreachais chun freastal ar níos mó foinsí fuinnimh in-athnuaite, meastar go dtiocfaidh méadú suntasach ar sciar na giniúna cumhachta atá saor ó astaíochtaí. Ina theannta sin, meastar go laghdóidh infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh i bhfoirgnimh phoiblí agus chónaitheacha tomhaltas fuinnimh iontaise agus astaíochtaí gás ceaptha teasa. Le bearta maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe, lena n-áirítear línte feabhsaithe iarnróid fo-uirbeacha agus busanna leictreacha, meastar go bhfeabhsófar cáilíocht agus éifeachtúlacht an iompair phoiblí agus go laghdófar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus go bhfeabhsófar cáilíocht an aeir, rud a mbeidh tionchar dearfach aige ar thorthaí sláinte agus ar tháirgiúlacht.

(31) Ar na bearta de chuid an RRP a bhfuil coinne leis go mbeidh tionchar dearfach acu ar chomhtháthú sóisialta agus a chuidíonn le rioscaí sóisialta agus eacnamaíocha grúpaí leochaileacha a laghdú, áirítear saoráidí cúraim leanaí luath-óige a fhorbairt, scileanna digiteacha a chur chun cinn i scoileanna, rannpháirtíocht daltaí atá faoi mhíbhuntáiste agus scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu san oideachas príomhshrutha ar ardchaighdeán a mhéadú, an riosca leithscartha i scoileanna a laghdú, agus pacáiste um athchóiriú cúraim sláinte a bhfuil sé mar aidhm leis rochtain níos cothroime ar sheirbhísí cúraim sláinte a áirithiú trí infheistíochtaí agus trí deireadh a chur le híocaíochtaí aisce neamhfhoirmiúla in earnáil an chúraim sláinte. Tá sraith chuimsitheach beart beartaithe freisin chun tacú leis na lonnaíochtaí is mó atá faoi mhíbhuntáiste de réir riachtanais shonracha.

***Gan dochar suntasach a dhéanamh***

(32) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go n-áiritheoidh leis an RRP nach ndéanfaidh aon bheart (Rátáil A) maidir le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochtaí a áirítear san phlean dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852[3] (an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh').

(33) I gcomhréir leis an treoir theicniúil a thugtar san Fhógra ón gCoimisiún dar teideal 'Treoir theicniúil maidir leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a chur i bhfeidhm faoin Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[4], thug an Ungáir údar nach ndéanann aon bheart ina RRP dochar suntasach d'aon

[3] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

[4] IO C 58, 18.2.2021, lch. 1.

chuspóir comhshaoil. I gcás inar gá, tá sé molta ag an Ungáir bearta maolaitheacha a chur chun feidhme chun díobháil shuntasach a sheachaint, rud ba cheart a bheith cumhdaithe sna garspriocanna agus sna spriocanna ábhartha.

(34) Tugadh aird ar leith ar bhearta ar gá grinnscrúdú géar a dhéanamh ar a dtionchar ar chuspóirí comhshaoil. Go háirithe, i gcás beart a bhaineann le bonneagair an tsoláthair uisce a thógáil agus a athchóiriú, áirithítear le garspriocanna ábhartha nach ndéanfar aon dochar suntasach don chomhshaol, go háirithe trí chur chun feidhme torthaí agus coinníollacha de chuid Measúnuithe ar an Tionchar ar an gComhshaol, i gcomhréir le dlí comhshaoil an Aontais, agus trína áirithiú go ndeonaítear ceadanna ábhartha astarraingte uisce agus go mbainfear amach dea-stádas éiceolaíoch na ndobharlach dromchla agus screamhuisce a ndéanann na hinfheistíochtaí sin difear dóibh.

***Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht***

(35) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa RRP a rannchuidíonn den chuid is mó (Rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Is éard atá sna bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide méid arb ionann é agus 48,1 % de leithdháileadh iomlán an RRP arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán sin. I gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán sin, tá an RRP comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021-2030.

(36) Meastar go gcuideoidh athchóirithe agus infheistíochtaí maidir le húsáid mhéadaithe fuinnimh in-athnuaite, feabhsuithe ar an eangach, agus bearta éifeachtúlachta fuinnimh leis an Ungáir a cuid cuspóirí dícharbónaithe le haghaidh 2030 a bhaint amach agus tacú leis an aistriú chuig an ngeilleagar ísealcharbóin. Tá coinne leis go mbainfear an méid sin amach go háirithe trí athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil agus riaracháin chun úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh a chur chun cinn. Trí dheireadh a chur leis na srianta ginearálta atá ann cheana maidir le gléasraí cumhachta gaoithe ar tír, agus trí 'sprioclimistéir' sna réigiúin is gaofaire chun suiteáil tuirbíní gaoithe a éascú a thuilleadh, tá coinne leis go mbeifear in ann acmhainneachtaí nua cumhachta gaoithe a shuiteáil. Le feabhsú na nósanna imeachta ceadaithe do ghléasraí cumhachta atá ag brath ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh, tá coinne leis go gcothófar cur in úsáid fuinnimh in-athnuaite. Tá coinne leis freisin go gcuirfidh trédhearcacht, intuarthacht agus infhaighteacht mhéadaithe na nósanna imeachta um nascadh eangaí le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh le forbairt na nósanna imeachta sin, agus maidir le 10 000 MW d'acmhainneachtaí táirgthe fuinnimh in-athnuaite a údaraítear a nascadh leis an eangach, go mbeadh sé mar chuspóir é sin a bhaint amach faoi 2026. De réir an RRP, ba cheart athchóirithe den sórt sin a chomhlánú le hinfheistíochtaí chun eangacha tarchurtha agus dáileacháin agus eangacha cliste a fhorbairt, lena n-áirítear méadair chliste, agus chun painéil ghréine agus saoráidí stórála a shuiteáil. Trí athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh phoiblí, go háirithe i saoráidí oideachais agus cúraim sláinte, agus ar fhoirgnimh chónaithe, go háirithe trí fhuinneoga a athsholáthar agus téamh cónaithe a nuachóiriú, cuideofar le méadú na héifeachtúlachta fuinnimh.

(37) Is é is aidhm do phacáiste cuimsitheach athchóirithe agus infheistíochtaí san iompar inbhuanaithe tacú le hiompar poiblí paisinéirí agus le hiompar earraí d'iarnród. Tá coinne leis go gcuirfidh sé sin borradh faoi éiceachóras foriomlán na soghluaisteachta,

ar cheart dó dul chun tairbhe don gheilleagar, agus rannchuidiú le dícharbónú na hearnála iompair.

(38) Cuimsíonn an RRP freisin athchóirithe agus infheistíochtaí maidir le bainistiú inbhuanaithe uisce, arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar an soláthar uisce i réigiúin shonraca a ndéanann ganntanas uisce difear dóibh, go háirithe trí eilimintí den chóras bainistithe uisce atá ann cheana a athchruthú agus bealaí nua soláthair uisce a chruthú, réitigh coinneála uisce dhúlra-bhunaithe a fhorbairt, córas faireacháin bainistithe uisce na hUngáire a uasghrádú ar an leibhéal áitiúil agus náisiúnta, agus cleachtais inbhuanaithe bainistithe uisce a chur chun cinn i measc feirmeoirí. Tá coinne leis go gcuirfidh infheistíochtaí a bhaineann le bainistíocht uisce le feabhas a chur ar choinneáil uisce sna limistéir a bhfuil tionchar ag ganntanas uisce orthu agus le hacmhainní screamhuisce a chosaint. Áirithítear leis na garspriocanna ábhartha go gcuirfear chun feidhme torthaí agus coinníollacha de chuid Measúnuithe ar an Tionchar ar an gComhshaol, i gcomhréir le dlí comhshaoil an Aontais, agus go ndéanfar ceadanna ábhartha astarraingte uisce a dheonú agus go mbainfear amach dea-stádas éiceolaíoch na ndobharlach dromchla agus screamhuisce a ndéanann na hinfheistíochtaí sin difear dóibh.

(39) Áirítear leis an RRP freisin athchóirithe agus infheistíochtaí maidir le bainistiú inbhuanaithe dramhaíola, rud a mheastar a chuideoidh leis an aistriú glas, trí thimpeallacht dhlíthiúil fhónta chumasúcháin a chruthú chun an t-aistriú chuig an ngeilleagar ciorclach a chothú, agus trí thacú le húsáid amhábhar tánaisteach. Meastar go gcuideoidh na bearta sin leis an Ungáir spriocanna bainistithe dramhaíola an Aontais le haghaidh 2025 agus 2030 a bhaint amach.

(40) Cé nach bhfuil bearta sonracha sa RRP lena ndírítear ar an mbithéagsúlacht, tá bearta ann a chuireann leis an maolú ar an athrú aeráide, rud a d'fhéadfadh a bheith tairbheach freisin do chaomhnú na bithéagsúlachta, ós rud é go bhfuil an t-athrú aeráide ar cheann de na bagairtí móra ar an mbithéagsúlacht. Rinne an Ungáir measúnú córasach ar an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a léiríonn nach ndéanann aon cheann de na bearta atá beartaithe dochar don bhithéagsúlacht.

***Rannchuidiú leis an aistriú digiteach***

(41) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa RRP a rannchuidíonn cuid mhór (Rátáil A) leis an aistriú digiteach nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb ionann é agus 29,8 % de leithdháileadh iomlán an RRP arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(42) Áirítear leis an RRP roinnt beart arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar scileanna digiteacha san oideachas ar gach leibhéal, rochtain leathan ar an oideachas digiteach a chur ar fáil do dhaltaí, do scoláirí agus do mhúinteoirí chomh maith le réitigh oideachais dhigitigh a chomhtháthú sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint agus san ardoideachas. I bhfianaise na gcuspóirí sin, áirítear leis an RRP oiliúint dhigiteach a chur ar mhúinteoirí agus infheistíochtaí i dtrealamh TFC de chuid scoileanna, múinteoirí agus scoláirí, agus béim ar leith ar na scoláirí is mó atá faoi mhíbhuntáiste. Tacaíonn an plean freisin le hábhar foghlama digiteach a fhorbairt don ghairmoideachas agus don oideachas treasach.

(43) Tá bearta sa RRP arb é is aidhm dóibh earnálacha sonracha a dhigitiú, go háirithe earnáil na sláinte, earnáil an iompair agus earnáil an fhuinnimh. Cumhdaítear le digitiú an chúraim sláinte raon leathan tionscnamh amhail lárionad ciandhiagnóiseach a bhunú, córas atá bunaithe ar an intleacht saorga a thabhairt isteach don tseirbhís éigeandála, aipeanna móibíleacha sláinte a fhorbairt agus cianchóras faireacháin othar le haghaidh daoine scothaosta. Tá coinne leis go bhfeabhsófar sábháilteacht, cáilíocht agus tarraingteacht an iompair phoiblí trí lárchóras bainistithe tráchta le haghaidh línte iarnróid agus trí chóras náisiúnta aonair um fhaisnéis agus taraif do phaisinéirí a úsáid le haghaidh iompar de bhus agus d'iarnród. Trí eangacha cliste leictreachais a fhorbairt, tá coinne leis go nascfar ar bhealach níos fearr acmhainneachtaí díláraithe breise i ndáil le giniúint fuinnimh in-athnuaite leis an gcóras atá ann faoi láthair, chun gréasáin a chur in oiriúint do na ceanglais a bheidh ann amach anseo agus chun gur féidir rialáil níos fearr a dhéanamh ar tháirgeadh fuinnimh.

(44) Tá coinne leis freisin go gcuirfidh bearta chun réitigh agus seirbhísí TFC rialtais a neartú le nuachóiriú agus feabhsú an riaracháin phoiblí. Áirítear leis an RRP, i measc nithe eile, bearta maidir le claochlú digiteach na nósanna imeachta um chomhlíonadh cánach, maidir le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gcóras leictreonach soláthair agus maidir le córas bainistithe comhad na seirbhíse ionchúisimh.

***Tionchar marthanach***

(45) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (g), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.7 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar marthanach láidir (Rátáil A) ag an RRP ar an Ungáir.

(46) Tá sraith beart ar fud earnálacha éagsúla mar bhonn taca le tionchar marthanach an RRP. Ar na hathchóirithe a thacaíonn leis an aistriú glas tá creat riaracháin agus dlíthiúil níos éifeachtaí lena gcuirtear chun cinn úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh, creat beartais nua don gheilleagar ciorclach, faireachán níos fearr ar acmhainní uisce agus feasacht níos fearr maidir le bainistiú inbhuanaithe uisce. Ina theannta sin, le feabhsuithe ar éifeachtúlacht na seirbhísí poiblí trína ndigitiú, lena n-áirítear i gcúram sláinte, tá coinne leis go gcuirfear le tionchar marthanach an phlean. Baineann bearta breise a bhfuil tionchar marthanach acu le feabhas a chur ar lánpháirtiú na ngrúpaí is leochailí i margadh an tsaothair agus le torthaí oideachais agus rannpháirtíocht na ngrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste agus na limistéar is lú forbairt san oideachas. Comhlánaítear an méid sin le hinfheistíochtaí i scileanna digiteacha.

(47) Tá coinne leis go gcuirfidh an RRP go mór le hathléimneacht institiúideach na hUngáire a neartú. Tá coinne leis go mbainfear an méid sin amach tríd an gcreat frithéillithe a threisiú, tríd an neamhspleáchas breithiúnach a neartú, agus trí cháilíocht agus trédhearcacht an phróisis cinnteoireachta a fheabhsú. Tá coinne leis go gcuirfear feabhas ar an timpeallacht ghnó trí bhearta chun feabhas a chur ar an gcóras cánach, ar intuarthacht rialála, agus ar iomaíocht mhéadaithe sa soláthar poiblí. Tá coinne leis freisin go rannchuideoidh an RRP le hinbhuanaitheacht chóras pinsin na hUngáire agus le bainistíocht fhónta bhuiséadach trí athbhreithnithe caiteachais.

(48) Is féidir tionchar marthanach an RRP a fheabhsú freisin trí shineirgí idir an RRP agus cláir thacaíochta eile, lena n-áirítear na cláir sin a mhaoinítear le cistí an bheartais chomhtháthaithe, go háirithe trí aghaidh a thabhairt go substaintiúil ar na dúshláin chríochacha atá fadbhunaithe agus trí fhorbairt chothrom a chur chun cinn.

***Faireachán agus cur chun feidhme***

(49) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (h) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.8 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is leormhaith (Rátáil A) na socruithe atá beartaithe sa RRP chun faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach an RRP a áirithiú, lena n-áirítear an tráthchlár, na garspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na táscairí gaolmhara.

(50) An leasrúnaíocht stáit atá freagrach as cur chun feidhme an RRP (dá ngairtear 'an tÚdarás Náisiúnta' anseo feasta) san aireacht atá freagrach as tacaíocht an Aontais a chur chun feidhme, tá sí freagrach as comhordú foriomlán an RRP agus as faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis na garspriocanna agus na spriocanna a chomhlíonadh. Tá sí i gceannas freisin ar thuairisciú ar na garspriocanna agus spriocanna a chomhordú, lena n-áirítear na táscairí gaolmhara, agus soláthar sonraí, amhail ar fhaighteoirí deiridh. Tá an tÚdarás Náisiúnta freagrach as na hiarrataí ar íocaíocht, dearbhuithe bainistíochta agus achoimre ar iniúchtaí a tharraingt anuas. Chun na cúraimí sin a dhéanamh, tá freagrachtaí sannta go soiléir ag an Údarás Náisiúnta agus tá sé ag brath ar struchtúr tiomnaithe chun an RRP a chur chun feidhme. Déanfar faireachán ar an dul chun cinn i dtreo chomhlíonadh sásúil na ngarspriocanna agus na spriocanna trí shonraí a thabharfar cothrom le dáta go rialta i gcóras faisnéise faireacháin, a bheidh i bhfeidhm ar a dhéanaí sula gcuirfear isteach an chéad iarraidh ar íocaíocht, mar aon le socruithe leordhóthanacha chun tráthúlacht, iontaofacht agus fírinneacht na sonraí sa chóras faisnéise faireacháin a áirithiú. Ina theannta sin, ba cheart socruithe faireacháin sonracha a chur i bhfeidhm le haghaidh na mbeart éagsúil, ionas gur féidir rioscaí agus moilleanna cur chun feidhme a shainaithint go luath, agus idirghabháil a dhéanamh de réir mar is gá, agus ar an gcaoi sin a áirithiú go bhfanfaidh cur chun feidhme na mbeart sa RRP ar an mbóthar ceart.

(51) Tá garspriocanna agus spriocanna an RRP iomchuí chun faireachán a dhéanamh ar a chur chun feidhme. Léiríonn na garspriocanna agus na spriocanna go leordhóthanach leibhéal foriomlán uaillmhéine an RRP, agus tá siad soiléir agus réadúil. Tá siad deartha go maith, agus tá táscairí ábhartha, inghlactha agus láidre acu lenar cheart faireachán cuí a áirithiú le linn an chur chun feidhme. Tá garspriocanna agus spriocanna ábhartha freisin maidir le bearta a cuireadh i gcrích cheana agus atá incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 17(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Is gá na garspriocanna agus na spriocanna sin a chomhlíonadh go sásúil le himeacht ama chun údar cuí a thabhairt le hiarraidh ar eisíocaíocht.

(52) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirtear tacaíocht airgeadais faoin tSaoráid in iúl agus go n-aithnítear í i gcomhréir le hAirteagal 34 de Rialachán (AE) 2021/241. Féadfar tacaíocht theicniúil a iarraidh faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] chun cúnamh a thabhairt do na Ballstáit a RRPanna a chur chun feidhme.

***Costáil***

(53) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an réasúnú a thugtar sa RRP maidir le méid na gcostas measta iomlán den RRP ar leibhéal measartha (Rátáil B) réasúnta agus inchreidte, tá an réasúnú sin i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

---

5 Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Feabhra 2021 lena mbunaítear Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil. (IO L 57, 18.2.2021, lch. 1).

(54) Tríd is tríd, tá miondealuithe mionsonraithe ar na meastacháin ar chostais soláthraithe ag an Ungáir le haghaidh na n-infheistíochtaí agus na n-athchóirithe faoi leith a bhfuil costas gaolmhar ag baint leo sa RRP. Léiríonn an measúnú ar chostais go bhfuil an chuid is mó de na costais sa RRP réasúnta agus inchreidte. Leis an bhfianaise a thacaíonn leis na meastacháin ar chostais, tugtar míniú réasúnta ar phríomhspreagthaithe costais na mbeart atá beartaithe, cé go bhfuil éagsúlacht ann maidir le méid agus doimhneacht na fianaise a chuirtear ar fáil i dtaca le bearta éagsúla. Den chuid is mó, cuireadh tionscadail roimhe seo, sonraí tairisceana iarbhír nó sonraí faoi chostais chomparáideacha eile i láthair maidir leis na príomhspreagthaithe costais chun a bheith mar thagarmharc le haghaidh na meastacháin ar chostais. I gcásanna áirithe, is teoranta na sonraí maidir leis an modheolaíocht agus na toimhdí a úsáidtear chun na meastacháin ar chostais a dhéanamh, rud a chuireann bac ar mheasúnú iomlán dearfach ar na meastacháin chostais. Chuir an Ungáir doiciméadacht tacaíochta mhionsonraithe ar fáil freisin maidir le formhór na mbeart chun bonn cirt agus fianaise na meastachán ar chostais a chur ar fáil. Thairis sin, thug an Ungáir dóthain faisnéise agus dearbhú chun a áirithiú nach gcumhdaítear costais an RRP le maoiniú eile de chuid an Aontais atá ann cheana nó atá beartaithe. Ar deireadh, tá costas iomlán measta an RRP i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

***Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint***

(55) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.10 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, na socruithe atá beartaithe sa RRP agus na bearta breise atá sa Chinneadh seo, is leormhaith (Rátáil A) na socruithe chun coinbhleachtaí leasa, éilliú agus calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí a sholáthraítear faoin Rialachán sin, agus meastar go seachnófar go héifeachtach leo cistiú dúbailte ón Rialachán sin agus ó chláir eile an Aontais. Tá an méid sin gan dochar do chur i bhfeidhm ionstraimí agus uirlisí eile chun comhlíonadh dhlí an Aontais a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear chun coinbhleachtaí leasa, éilliú, agus calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú, agus chun buiséad an Aontais a chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6].

(56) I gcomhréir le hAirteagal 20(5), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241, ba cheart garspriocanna atá nasctha le cosaint leasanna airgeadais an Aontais a leagan amach chun comhlíonadh Airteagal 22 den Rialachán sin a áirithiú, trí chóras rialaithe leordhóthanach a bhunú. Tá coinne leis go ráthóidh comhlíonadh sásúil na ngarspriocanna sin leordhóthanacht an chórais rialaithe inmheánaigh, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j) de Rialachán (AE) 2021/241. Agus é á chur san áireamh gur réamhriachtanais iad creat láidir éifeachtach frithéillithe, socruithe treisithe chun calaois, éilliú, coinbhleacht leasa agus neamhdhleathachtaí eile a chosc, a bhrath agus a cheartú go héifeachtach agus tacaíocht ón Aontas á cur chun feidhme, córas soláthair phoiblí iomaíoch agus trédhearcach, agus neamhspleáchas breithiúnach chun go bhfeidhmeoidh córas rialaithe inmheánaigh go héifeachtach, ba cheart na garspriocanna a leagan amach le haghaidh na n-athchóirithe faoi seach, agus ba cheart

---

[6] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 4333 I, 22.12.2020, lch. 1).

eisíocaíochtaí faoin tSaoráid a bheith coinníollach ar chomhlíonadh na ngarspriocanna sin. Agus é á chur san áireamh gur cheart na garspriocanna sin a bhunú chun a áirithiú go ndéanfar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus chun córas rialaithe leordhóthanach a bhunú sula n-údaróidh an Coimisiún aon íocaíocht faoin tSaoráid, ba cheart don Ungáir na garspriocanna uile a bhaineann leis an gcóras rialaithe[7] a chomhlíonadh sula gcuirfear isteach an chéad iarraidh ar íocaíocht, agus níor cheart aon íocaíocht faoin tSaoráid a dhéanamh sula gcomhlíonfar iad. Tá an ceanglas sin i gcomhréir leis na bearta feabhais atá molta ag an Ungáir i gcomhthéacs an nós imeachta faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint, agus tá sé gan dochar do na bearta sin[8].

(57) Go háirithe, tá creat láidir éifeachtach frithéillithe fíor-riachtanach chun neamhrialtachtaí, amhail calaois, éilliú nó coinbhleacht leasa, a chosc, a bhrath agus a cheartú, agus ar an gcaoi sin socruithe éifeachtacha iniúchóireachta agus rialaithe a áirithiú le haghaidh an RRP agus chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Sa chomhthéacs sin, ba cheart roinnt beart a chur chun feidhme mar chuid den RRP chun comhlíonadh Airteagal 22 a áirithiú. Áirítear orthu sin Údarás Sláine a bhunú chun cosc, brath agus ceartú calaoise, coinbhleachta leasa agus éillithe a threisiú go héifeachtach chomh maith le neamhdhleathachtaí agus neamhrialtachtaí eile a bhaineann le tacaíocht ón Aontas a chur chun feidhme, agus béim ar leith á leagan ar sholáthar poiblí agus bailíocht dearbhuithe sócmhainní a áirithiú. Ba cheart Tascfhórsa Frithéillithe inchreidte agus éifeachtach a bhunú freisin, le rannpháirtíocht shuntasach eagraíochtaí neamhrialtasacha neamhspleácha, chun scrúdú a dhéanamh ar na bearta frithéillithe atá ann cheana agus tograí a tharraingt suas maidir le feabhas a chur ar bhrath, imscrúdú agus ionchúiseamh cleachtais an éillithe agus cleachtais eile amhail an finíochas, an fhabhraíocht nó ‘doirse imrothlacha’ idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach agus smachtbhannaí a fhorchur orthu. Ina theannta sin, ba cheart rialacha a chur i bhfeidhm chun raon feidhme pearsanta agus ábhartha dearbhuithe sócmhainní a leathnú, agus chun an mhaoirseacht agus an trédhearcacht a threisiú maidir leis an gcaoi a mbaineann fondúireachtaí bainistíochta sócmhainní leasa phoiblí a dhéanann gníomhaíocht leasa phoiblí, agus daoine dlítheanacha atá bunaithe nó ar bun acu, úsáid as tacaíocht ón Aontas. Tríd an deis a bhunú athbhreithniú breithiúnach éifeachtach a dhéanamh ar chinntí arna ndéanamh ag an tseirbhís ionchúisimh nó ag an údarás imscrúdaithe chun tuarascáil choire a dhíbhe nó deireadh a chur le himeachtaí coiriúla, ba cheart go rannchuideofaí freisin leis an gcreat frithéillithe a atreisiú, agus go hindíreach le hiarrachtaí ionchúisimh a neartú chun aghaidh a thabhairt ar an éilliú. Ba cheart trédhearcacht agus rochtain ar shonraí poiblí a bhaineann, go háirithe, le húsáid caiteachais phoiblí a neartú freisin, ós rud é gur féidir leis sin cuidiú leis an gcreat frithéillithe a threisiú trí mhaoirseacht neamhspleách a éascú. Dá bhrí sin, ba cheart sé gharsprioc a leagan amach chun a áirithiú go gcuirfear na bearta sin chun feidhme go héifeachtach sula gcuirfear isteach an chéad iarraidh ar íocaíocht.

[7] Is amhlaidh atá i gcás garspriocanna 160, 166, 169, 171, 174, 175, 195, 197, 198, 200, 201, 213, 214, 215, 216, 217, 218, 219, 220, 221, 222, 223, 224, 225, 226, 227 agus 228.

[8] Mar a shainmhínítear in COM(2022) 485 final – Iarscríbhinn a ghabhann le Meabhrán Míniúcháin an togra ón gCoimisiún le haghaidh cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle maidir le bearta chun buiséad an Aontais a chosaint i gcoinne sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta san Ungáir.

(58) Is réamhchoinníollacha tábhachtacha iad atreisiú na socruithe chun calaois, éilliú, coinbhleacht leasa agus neamhdhleathachtaí eile a chosc, a bhrath agus a cheartú go héifeachtach agus tacaíocht ón Aontas i gcoitinne á cur chun feidhme chun a áirithiú go mbeidh na socruithe iniúchóireachta agus rialaithe le haghaidh an RRP éifeachtach, agus go ndéanfar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint go héifeachtach le linn chur chun feidhme an RRP. Sa chomhthéacs sin, ba cheart roinnt beart a chur chun feidhme mar chuid den RRP. Chun an cosc ar choinbhleachtaí leasa agus na rialuithe orthu a threisiú agus tacaíocht ón Aontas á cur chun feidhme, ba cheart Stiúrthóireacht nua um Iniúchóireacht Inmheánach agus Sláine a bhunú chun rialú rialta agus éifeachtach ar dhearbhuithe coinbhleachta leasa a áirithiú agus imscrúdú a dhéanamh ar amhras maidir le coinbhleacht leasa a thuairiscítear. Ba cheart go n-áiritheofaí le forálacha dlíthiúla treisithe go neartófar bainistiú riosca, cosc, brath agus ceartú calaoise, éillithe, coinbhleachta leasa agus cistiú dúbailte; go gcuirfear rialacha, nósanna imeachta agus sásraí rialaithe éifeachtacha i bhfeidhm maidir le dearbhuithe coinbhleachta leasa; agus go ndéantar uainíocht rialta ar bhaill foirne i bpoist íogaire agus go ndéantar maoirseacht éifeachtach orthu a áirithiú. Ba cheart treoirlínte leordhóthanacha a bheith i bhfeidhm freisin chun a áirithiú go mbeidh gach comhlacht a bhfuil baint aige le cur chun feidhme agus rialú thacaíocht an Aontais ar leibhéal ar bith ar an eolas faoina gcúraimí, faoina bhfreagrachtaí agus faoina n-oibleagáidí maidir le coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú. Ina theannta sin, ba cheart straitéis chuimsitheach éifeachtach frithéillithe agus frithchalaoise a bhaineann le haon tacaíocht ón Aontas a chur i bhfeidhm, agus ba cheart í a chomhlánú le plean gníomhaíochta mionsonraithe. Ba cheart nósanna imeachta iomchuí a chur i bhfeidhm freisin chun a áirithiú go mbainfear úsáid iomlán agus éifeachtach as uirlis mianadóireachta sonraí agus scórála riosca Arachne agus chun a áirithiú go ndéanfar obair leantach éifeachtach ar na rioscaí a shainaithnítear leis an gcóras sin. Ar deireadh, chun brath calaoise a threisiú, ba cheart socruithe reachtacha a bheith i bhfeidhm chun a áirithiú gur féidir le OLAF a chuid imscrúduithe agus seiceálacha ar an láthair a dhéanamh go héifeachtach. Dá bhrí sin, ba cheart ocht ngarsprioc a leagan amach chun a áirithiú go gcuirfear na bearta sin chun feidhme go héifeachtach sula gcuirfear isteach an chéad iarraidh ar íocaíocht.

(59) Tá trédhearcacht agus iomaíocht mhéadaithe sa soláthar poiblí fíor-riachtanach chun neamhrialtachtaí a chosc, lena n-áirítear calaois, éilliú nó coinbhleacht leasa, agus, dá bhrí sin, is réamhriachtanas é sin d'fheidhmiú éifeachtach córais rialaithe inmheánaigh. Sa chomhthéacs sin, ba cheart roinnt beart a chur chun feidhme mar chuid den RRP. Ba cheart a áireamh orthu sin uirlis faireacháin a fhorbairt lena ndéanfaí measúnú ar sciar na nósanna imeachta soláthair phoiblí a mbíonn tairiscintí aonair mar thoradh orthu, creat tomhaiste feidhmíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun measúnú rialta a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus ar chost-éifeachtacht na soláthairtí poiblí, agus na cúiseanna le hiomaíocht theoranta sna hearnálacha is mó a ndéanann leibhéal íseal iomaíochta difear dóibh. Ba cheart scéim tacaíochta a bheith i bhfeidhm freisin maidir le rannpháirtíocht micrifhiontar, fiontar beag agus meánmhéide a éascú i nósanna imeachta soláthair phoiblí, agus bearta chun an córas leictreonach soláthair phoiblí a fhorbairt ar mhaithe le maoirseacht agus anailís neamhspleách ar iomaíocht sa soláthar poiblí a éascú, mar réamhchoinníollacha chun an gealltanas a chomhlíonadh go héifeachtach maidir le sciar na nósanna imeachta soláthair le tairiscint aonair a laghdú agus chun maoirseacht phoiblí ar an gcóras soláthair phoiblí a éascú. Dá bhrí sin, ba cheart cúig gharsprioc a leagan amach chun a áirithiú go gcuirfear na bearta sin chun feidhme go héifeachtach sula gcuirfear isteach

an chéad iarraidh ar íocaíocht. Sa bhreis ar na garspriocanna sin, ba cheart spriocanna ina dhiaidh sin a áireamh sa RRP chun gur féidir faireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar an laghdú ar sciar na nósanna imeachta soláthair le tairiscint aonair le linn thréimhse cur chun feidhme an RRP.

(60) Agus é á chur san áireamh gur réamhriachtanas é neamhspleáchas éifeachtach breithiúnach d'fheidhmiú córais rialaithe inmheánaigh, ba cheart garspriocanna a leagan amach le haghaidh athchóirithe chun ról agus cumhachtaí coibhneasta Chomhairle Bhreithiúnach na hUngáire a neartú i ndáil le cumhachtaí Uachtarán Oifig Bhreithiúnach na hUngáire, neamhspleáchas breithiúnach na Cúirte Uachtaraí (*Kúria*) a neartú, deireadh a chur le bacainní ar tharchur le haghaidh réamhrialuithe chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus deireadh a chur leis an bhféidearthacht atá ag údaráis phoiblí agóid a dhéanamh i gcoinne cinntí breithiúnacha críochnaitheacha os comhair na Cúirte Bunreachtúla. Tá coinne leis go rannchuideoidh na hathchóirithe sin le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Tá an ceanglas sin gan dochar don oibleagáid atá ar an Ungáir a hoibleagáidí faoi dhlí an Aontais a chomhlíonadh tráth ar bith, go háirithe Airteagal 19(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach ('CAE'), arna léirmhíniú ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ar cuid lárnach d'acquis an Aontais é. Dá bhrí sin, ba cheart ceithre gharsprioc a leagan amach chun a áirithiú go gcuirfear na bearta sin chun feidhme go héifeachtach sula gcuirfear isteach an chéad iarraidh ar íocaíocht.

(61) Tá an córas rialaithe agus na socruithe atá beartaithe sa RRP bunaithe ar phróisis agus ar struchtúir láidre, lena sainaithnítear go soiléir róil agus freagrachtaí na gcomhlachtaí éagsúla a bhfuil baint acu le cur chun feidhme, faireachán, rialú agus iniúchadh an phlean, chomh maith lena n-idirghníomhaíochtaí. Déantar foráil leo sin maidir le deighilt shoiléir idir na feidhmeanna agus na freagrachtaí rialaithe agus iniúchóireachta. Tá an tÚdarás Náisiúnta freagrach as comhordú foriomlán an RRP, as faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le garspriocanna agus spriocanna, as rialuithe a dhéanamh ar chomhlachtaí cur chun feidhme, ar chomhlachtaí fodheonúcháin agus ar fhaighteoirí deiridh, agus as na hiarrataí íocaíochta mar aon leis na dearbhuithe bainistíochta gaolmhara bunaithe ar shonraí fíoraithe ón gcóras faireacháin a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Sanntar ról údarás iniúchóireachta an RRP don Ard-Stiúrthóireacht um Iniúchadh ar Chistí Eorpacha (EUTAF), ar cheart an acmhainneacht riachtanach a bheith aici agus a bhfuil taithí riaracháin aici chun na cúraimí iniúchóireachta gaolmhara a dhéanamh i gcomhréir le caighdeáin iniúchóireachta a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta. Tá EUTAF freagrach as iniúchtaí ar an gcóras a dhéanamh agus as tástáil shubstainteach a dhéanamh ar na garspriocanna agus ar na spriocanna a cuireadh chun feidhme, rud atá mar bhonn don achoimre ar iniúchtaí arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin leis na hiarrataí ar íocaíocht. Ina theannta sin, chun iniúchadh éifeachtach ar chur chun feidhme an RRP a áirithiú, tá coinne leis go nglacfaidh EUTAF straitéis iniúchóireachta éifeachtach atá i gcomhréir le caighdeáin iniúchóireachta a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta. Ba cheart acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil chun a áirithiú go ndéanfar neamhspleáchas EUTAF a chosaint agus go ráthófar a chumas a chuid cúraimí a chur i gcrích go héifeachtach agus go tráthúil. Ba cheart an dá gharsprioc ghaolmhara sin a chomhlíonadh sula gcuirfear isteach an chéad iarraidh ar íocaíocht.

(62) Maidir le hacmhainneacht riaracháin na seirbhísí lárnacha a bhfuil sé de chúram orthu an RRP a chur chun feidhme agus a chomhordú, is é sin an tÚdarás Náisiúnta, tá

coinne leis go mbeidh an acmhainneacht sin leordhóthanach chun na róil agus na cúraimí atá beartaithe acu a dhéanamh. Ba cheart do chomhlachtaí cur chun feidhme a bhfuil sé de chúram orthu cúraimí áirithe cur chun feidhme a dhéanamh thar ceann an Údaráis Náisiúnta tacú le hobair an Údaráis Náisiúnta, tar éis a fhíorú go bhfuil na hacmhainní agus an saineolas is gá acu chun na cúraimí sin a dhéanamh ar bhealach éifeachtach agus tráthúil. Ba cheart do chomhlachtaí cur chun feidhme agus don Údarás Náisiúnta rialuithe rialta córasacha a dhéanamh ar fhaighteoirí deiridh. Ba cheart don Údarás Náisiúnta maoirseacht rialta a dhéanamh ar obair na gcomhlachtaí cur chun feidhme. Ina theannta sin, ba cheart don Stiúrthóireacht nuabhunaithe um Iniúchóireacht Inmheánach agus Sláine rialuithe rialta a bhaineann le coinbhleacht leasa a dhéanamh go neamhspleách ar na comhlachtaí rialaithe eile. Garsprioc maidir le teacht i bhfeidhm foraithne rialtais lena mbunaítear an sainordú dlíthiúil le haghaidh na gcomhlachtaí uile a bhfuil baint acu le cur chun feidhme an RRP a chur chun feidhme, a iniúchadh agus a rialú, ba cheart an gharsprioc sin a chomhlíonadh sula gcuirfear isteach an chéad iarraidh ar íocaíocht.

(63) Tá coinne leis go gcuirfear nósanna imeachta leordhóthanacha i bhfeidhm chun bailiú, stóráil agus infhaighteacht na sonraí uile is gá maidir le faighteoirí deiridh, conraitheoirí, fochonraitheoirí agus úinéirí tairbhiúla a áirithiú sa chóras faireacháin faisnéise arna fhorbairt chun críocha an RRP. Tá sásraí rialaithe ilsraitheanna mionsonraithe i bhfeidhm chun iontaofacht agus fírinneacht na sonraí sa chóras faisnéise faireacháin sin a áirithiú. Dá bhrí sin, ba cheart garsprioc a leagan amach chun a áirithiú go mbeidh feidhmiúlachtaí riachtanacha an chórais stórais maidir le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an RRP lánfheidhmiúil agus oibríochtúil, lena n-áirítear ar a laghad na feidhmiúlachtaí lena n-áirítear bailiú sonraí agus faireachán ar ghnóthú garspriocanna agus spriocanna, agus bailiú agus stóráil na sonraí a cheanglaítear le hAirteagal 22(2), pointe (d), de Rialachán (AE) 2021/241 a áirithiú, mar aon le rochtain ar na sonraí sin. Ba cheart an garsprioc sin a chomhlíonadh sula gcuirfear isteach an chéad iarraidh ar íocaíocht.

***Comhleanúnachas an RRP***

(64) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (k) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.11 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, áirítear sa RRP ar leibhéal ard bearta (Rátáil A) le haghaidh cur chun feidhme athchóirithe agus tionscadal infheistíochta poiblí arb é atá iontu gníomhaíochtaí comhleanúnacha.

(65) Is meascán cothrom d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí atá comhsheasmhach agus a threisíonn a chéile iad an RRP. Áirithítear comhleanúnachas laistigh de na comhchodanna, le hinfheistíochtaí a ghabhann le hathchóirithe ábhartha, agus idir na comhchodanna éagsúla sa RRP. Tá sé mar aidhm ag bearta a bhaineann le roinnt comhchodanna feabhas a chur ar na torthaí oideachais, trí ghníomhaíochtaí atá dírithe ar dhaltaí, ar mhúinteoirí agus ar scoileanna agus ag díriú ar scoláirí atá faoi mhíbhuntáiste agus ar an oideachas digiteach. Maidir leis an aistriú glas, áirítear leis an RRP bearta chun tacaíocht infheistíochta a chur ar fáil d'infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh le haghaidh foirgnimh chónaithe agus foirgnimh phoiblí araon, go háirithe le haghaidh saoráidí oideachais agus cúraim sláinte. Cuirtear an claochlú digiteach chun cinn go córasach ar fud an phlean trí mheascán d'athchóirithe i bhfoirm tionscnamh digitithe agus infheistíochtaí i dtrealamh TFC agus i bhforbairt scileanna TFC in earnálacha amhail an t-oideachas, an cúram sláinte, an fuinneamh, an t-iompar agus sa riarachán poiblí. Tá gá le nósanna imeachta éifeachtacha soláthair phoiblí chun go leor infheistíochtaí sa phlean a chur chun feidhme, agus áirítear sa

phlean sraith éifeachtach beart chun iomaíocht, éifeachtúlacht agus trédhearcacht an chórais soláthair phoiblí a fheabhsú. Tá coinne leis go mbeidh tionchar trasearnálach ag roinnt athchóirithe ar cháilíocht agus ar éifeachtacht na reachtaíochta i ngach réimse, amhail na bearta arb é is aidhm dóibh cáilíocht agus trédhearcacht na cinnteoireachta a fheabhsú. Na bearta atá beartaithe laistigh de na comhchodanna, ní thagann siad salach ar a chéile ná ní bhaineann siad an bonn d'éifeachtacht a chéile agus níor sainaithníodh aon neamhréireacht ná aon chontrárthacht idir comhchodanna.

*An Comhionannas*

(66) Tá roinnt beart sa RRP chun freagairt do na dúshláin i réimse an chomhionannais inscne agus na gcomhdheiseanna. Tá coinne leis go gcuirfidh infhaighteacht mhéadaithe saoráidí luathchúraim leanaí le rannpháirtíocht chomhionann sa mhargadh saothair agus go gcuirfidh siad le cothromaíocht oibre is saoil na dtuismitheoirí. Tá coinne leis go neartóidh an tacaíocht d'oideachas leanaí agus do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu an t-oideachas cuimsitheach. Trí ríomhairí glúine a sheachadadh do dhaltaí agus do mhúinteoirí tar éis straitéis tástála acmhainne a fhorbairt agus tar éis do scoileanna a bhfuil uirlisí taispeána nua-aimseartha agus gléasanna TF eile acu, agus tús áite á thabhairt do scoileanna ina bhfuil sciar ard de scoláirí atá faoi mhíbhuntáiste, tá coinne leis go bhfeabhsófar an rochtain chomhionann ar an oideachas agus go gcuideofar le héagothromaíochtaí sóisialta a laghdú. Tá coinne leis go gcuirfear feabhas ar an rochtain ar oideachas ardcháilíochta do leanaí ar bheagán gnóthachtála agus do leanaí atá faoi mhíbhuntáiste má dhéantar ranganna íochtaracha meánscoile ó scoileanna beaga ar bheagán gnóthachtála a chomhtháthú sna lonnaíochtaí comharsanachta. Bearta chun bunscoileanna agus meánscoileanna íochtaracha a dhreasú chun a sciar de scoláirí atá faoi mhíbhuntáiste a mhéadú, tá coinne leis go laghdóidh siad an leithscaradh in institiúidí oideachais phoiblí. Tá coinne leis go gcuirfidh infheistíochtaí in earnáil an iompair, amhail busanna urláir ísil agus stáisiúin traenach athchóirithe, feabhas ar inrochtaineacht do dhaoine atá faoi mhíchumas. Áirítear sa RRP freisin idirghabhálacha comhtháite chun cuimsiú sóisialta a chur chun cinn, béim á leagan ar dhaoine a bhfuil cónaí orthu i lonnaíochtaí atá faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear na Romaigh. Tá coinne leis go rannchuideoidh na bearta digitithe le haghaidh cúram daoine scothaosta le cur chun feidhme na Straitéise Eorpaí maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030.

***Féinmheasúnú slándála***

(67) Níor soláthraíodh féinmheasúnú slándála toisc nár mheas an Ungáir é a bheith iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 18(4), pointe (g) de Rialachán (AE) 2021/241.

***An próiseas comhairliúcháin***

(68) Foilsíodh an dréacht-RRP le haghaidh barúlacha i Márta-Aibreán 2021. Chomh maith leis an bhfaisnéis a chur ar fáil don phobal i gcoitinne, chuaigh an Ungáir i dteagmháil go díreach le 461 eagraíocht, amhail bardais, eagraíochtaí neamhrialtasacha, eagraíochtaí ardoideachais, ceardchumainn, eagraíochtaí eolaíochta chun iad a spreagadh chun a dtuairimí agus a moltaí a chur ar fáil. Astu sin, chuir 88 ionchur isteach, agus bhí breis agus 1 260 moladh éagsúil. Mar thoradh ar bharúlacha áirithe, rinneadh leasuithe ar an dréacht-RRP, mar shampla, chun raon feidhme an bhirt lena dtacaítear le córais téimh inbhuanaithe do theaghlaigh a dhíriú ar bhealach níos fearr. Mar sin féin, cháin roinnt páirtithe leasmhara an próiseas, agus iad ag áitiú nach ndearnadh ábhar mionsonraithe an RRP a phoibliú luath go leor chun deis a thabhairt dóibh barúlacha lánbhrí a dhéanamh agus nach bhféadfaí a gcuid tuairimí a chur san

áireamh. Sa bhreis ar an gcomhairliúchán foirmiúil, reáchtáladh roinnt comhdhálacha le páirtithe leasmhara ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal náisiúnta, agus bhí béim théamach éagsúil le linn na bliana 2021. D'fhoilsigh an Ungáir leagan nua i mí Lúnasa 2021 ach níor chuir sí aon leagan leasaithe ar fáil don phobal ó shin i leith agus ní raibh sí páirteach i bpróisis chomhairliúcháin bhreise maidir le leasuithe a rinneadh ar an RRP in 2022.

(69) Chun úinéireacht na ngníomhaithe ábhartha a áirithiú, tá sé ríthábhachtach go mbeidh na húdaráis áitiúla agus na páirtithe leasmhara uile lena mbaineann, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta, rannpháirteach i gcur chun feidhme na n-infheistíochtaí agus na n-athchóirithe atá sa RRP. Chun na críche sin, tá beart sa RRP chun straitéis a fhorbairt ar mhaithe le rannpháirtíocht éifeachtach na bpáirtithe leasmhara i gcur chun feidhme an RRP a áirithiú, lena n-áirítear coiste faireacháin a chur ar bun le rannpháirtíocht láidir ó eagraíochtaí neamhspleácha na sochaí sibhialta chun súil ghéar a choinneáil ar chur chun feidhme an RRP agus moltaí a chur ar fáil don Údarás Náisiúnta. Ina theannta sin, áirítear i roinnt beart gealltanais shonracha chun rannpháirtíocht chórasach na gcomhpháirtithe sóisialta agus na bpáirtithe leasmhara sa phróiseas cur chun feidhme a áirithiú.

***Measúnú dearfach***

(70) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir le RRP na hUngáire agus an toradh a bhí air, mar atá, go comhlíonann an RRP na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin, ba cheart go leagfaí amach leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an RRP a chur chun feidhme, na garspriocanna, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-iníoctha le haghaidh chur chun feidhme an RRP.

***Ranníocaíocht airgeadais***

(71) Is é costas iomlán measta RRP na hUngáire HUF 2 299 592 927 602, arb ionann é agus EUR 5 824 260 891 ar bhonn mheánráta tagartha EUR HUF an Bhainc Ceannais Eorpaigh le linn na tréimhse ón 1 Aibreán 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2022. Ós rud é go gcomhlíonann an RRP na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241 go sásúil agus, ina theannta sin, ós rud é go bhfuil méid chostais mheasta iomlána an RRP níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais atá ar fáil i gcás na hUngáire, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais a leithdháiltear le haghaidh RRP na hUngáire a bheith comhionann le méid iomlán na ranníocaíochta airgeadais atá ar fáil i gcás na hUngáire.

(72) I gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241, rinne ríomh na ranníocaíochta airgeadais uasta don Ungáir a nuashonrú an 30 Meitheamh 2022. Dá réir sin, i gcomhréir le hAirteagal 23(1) den Rialachán sin, ba cheart méid don Ungáir nach mó ná an ranníocaíocht uasta airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 11(1), pointe (a), den Rialachán sin a chur ar fáil anois le haghaidh gealltanas dlíthiúil faoin 31 Nollaig 2022, agus ba cheart méid nach mó ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den Rialachán sin a chur ar fáil le haghaidh gealltanas dlíthiúil ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023.

(73) An tacaíocht atá le soláthar, tá sí le maoiniú ó iasachtaí a gheobhaidh an Coimisiún thar ceann an Aontais ar bhonn Airteagal 5 de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle[9]. Ba cheart an tacaíocht a íoc i dtráthchodanna a luaithe a bheidh na garspriocanna agus spriocanna ábhartha arna sainaithint maidir le cur chun feidhme an RRP comhlíonta go sásúil ag an Ungáir.

(74) Ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí de chuid an Aontais a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an Aontais seachas an tSaoráid nó do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Ní sháraítear an ceanglas atá ar na Ballstáit cásanna státchabhracha féideartha a chur in iúl don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
*Formheas an mheasúnaithe ar an RRP*

Formheastar an measúnú ar RRP na hUngáire a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear le hAirteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin RRP, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an RRP agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na clocha míle agus na spriocanna ábhartha, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.

*Airteagal 2*
*Ranníocaíocht airgeadais*

1. Cuirfidh an tAontas ranníocaíocht airgeadais ar fáil don Ungáir i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíoctha arb ionann í agus EUR 5 811 147 717[10]. Beidh méid EUR 4 639 429 967 ar fáil lena ghealladh go dlíthiúil faoin 31 Nollaig 2022. Beidh méid breise EUR 1 171 717 750 ar fáil lena ghealladh go dlíthiúil ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023.

2. Cuirfidh an Coimisiún ranníocaíocht airgeadais an Aontais ar fáil don Ungáir i dtráthchodanna i gcomhréir leis an Iarscríbhinn. Féadfaidh an Coimisiún na tráthchodanna a íoc i dtráinse amháin nó i roinnt tráinsí. Beidh méid na dtráinsí faoi réir infhaighteacht an chistithe.

3. Maidir le tráthchodanna a scaoileadh i gcomhréir leis an gcomhaontú maoinithe, beidh sé sin ar choinníoll an chistithe a bheidh infhaighte agus ar choinníoll cinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (AE) 2021/241, go bhfuil na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha arna sainaithint maidir le cur chun feidhme an RRP comhlíonta go sásúil ag an Ungáir. Chun a bheith incháilithe d'íocaíocht, comhlánóidh an Ungáir na garspriocanna agus na spriocanna

[9] IO L 424, 15.12.2020, lch. 1.

[10] Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na hUngáire de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin

tráth nach déanaí ná an 31 Lúnasa 2026, faoi réir theacht i bhfeidhm na ngealltanas dlíthiúil dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 3*
*Seolaí*

Is chuig an Ungáir a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*